


Fionn mac Cumhaill

Taoiseach na Féinne



Tadhg Mac Dhonnagáin

Kieron Black a mhaisigh

Do Mharcus agus do Thadhg Óg

© Foras na Gaeilge 2006
Athchló 2008

Dearadh agus leagan amach: Aongus Ó Coileáin

ISBN 978-1-85791-667-6

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Arna chlóbhualadh in Éirinn ag Future Print Teo

Le fáil ar an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar
6 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó

An Ceathrú Póilí
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich
216 Bóthar na bhFál
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chuig:

Áis
31 Sráid na bhFínní
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

An Gúm, 27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.



1

An Taoiseach



Bhí Ard-Rí Éireann an-bhrónach. Bhí na Fianna ag troid le chéile. Na Fianna! A chuid gardaí speisialta féin! Na saighdiúirí ab fhearr ar domhan! Na fir láidre chliste a choinnigh Éire slán sábháilte i gcónaí. Bhí siad ag troid le chéile!

Is é Goll mac Morna a thosaigh an trioblóid. Bhí seisean ag iarraidh a bheith ina Thaoiseach ar na Fianna. Ní raibh an tArd-Rí sásta. ‘Cumhall atá ina Thaoiseach,’ arsa an tArd-Rí leis. ‘Agus is Taoiseach an-mhaith é.’

‘Is Taoiseach uafásach é,’ arsa Goll

mac Morna. 'Is é Cumhall an Taoiseach,' arsa an tArd-Rí. 'Agus sin sin.'

Fós, ní raibh Goll mac Morna sásta. Labhair sé le Cumhall. 'Is Taoiseach uafásach tusa!' a dúirt sé leis. 'Ba cheart gur agamsa a bheadh an post sin.'

Rinne Cumhall gáire. 'Má tá tusa ag iarraidh a bheith i do Thaoiseach,



beidh ort mise a mharú ar dtús,' a dúirt sé. 'Ceart go leor, mar sin,' arsa Goll. 'Bíodh troid againn amárach. Maróidh mé thú. Ansin, beidh mé i mo Thaoiseach ar na Fianna!'

Bhí go leor daoine crosta le Goll mac Morna. 'Is Taoiseach iontach é Cumhall,' a dúirt siad. 'Is amadán é Goll mac Morna.' Ach bhí go leor daoine eile a bhí sásta le Goll. 'Tá an ceart ag Goll,' a dúirt siad. 'Is Taoiseach uafásach é Cumhall. Maraímis é!'

Réitigh na fir a gcuid claimhte. Réitigh siad a gcuid sleánna. Réitigh siad iad féin don troid.

An mhaidin dár gcionn, bhí Cumhall ag imeacht chuig an troid. Bhí a bhean chéile, Muireann, an-bhuartha. Bhí sí féin ag súil le páiste, lá ar bith.



‘Bí cúramach, a stór,’ a dúirt sí.
‘Is fear an-chontúirteach é Goll
mac Morna.’

‘Ná bí buartha faoi Gholl mac
Morna,’ arsa Cumhall. ‘Is amadán é.’

Bhreathnaigh Muireann ar a fear céile.
Fear an-mhisniúil ba ea Cumhall. Sin an
fáth a raibh sé ina Thaoiseach ar na

Fianna. Bhí sé an-deacair dul isteach sna
Fianna agus an-deacair go deo an post
mar Thaoiseach a fháil.

Mar sin féin, bhí Muireann buartha.
‘Bí cúramach,’ a dúirt sí arís. ‘Níl mé
ag iarraidh go bhfásfadh ár leainbhín
suas gan athair.’



‘Ná bíodh imní ar bith ort,’ arsa Cumhall. ‘Beidh mé ar ais anocht, slán sábháilte.’

Leis sin, léim Cumhall in airde ar a chapall dubh agus d’imigh leis.

2 an tROID

Chaith Cumhall an lá ar fad ag troid. Mharaigh sé go leor leor fear. Bhí an talamh dearg le fuil anois agus bhí Cumhall an-tuirseach. Shuigh sé síos nóiméad ar charraig, le sos a ghlacadh.



Ansin go tobann, léim fear amach ar Chumhall. Leag sé an Taoiseach go talamh.

Ach rug Cumhall sna cosa ar an bhfear, agus leag sé é siúd. D'ardaigh Cumhall a chlaíomh chun é a mharú. 'Déan trócaire orm,' arsa an fear. 'Tá mo bhean chéile ag súil le páiste lá ar bith. Níl mé ag iarraidh go bhfásfadh ár leainbhín suas gan athair. Déan trócaire orm, más é do thoil é!'

Stop Cumhall. Chuimhnigh sé ar a bhean chéile féin. Bhí Muireann ag súil le páiste chomh maith.

'Cén t-ainm atá ort?' arsa Cumhall.

'Fiach mac Conga,' arsa an saighdiúir.

Lig Cumhall dó. Sheas an fear suas.

'Imigh leat abhaile,' arsa Cumhall.

'Imigh leat, a deirim!'

Rith an fear leis. Lig Cumhall osna. Bhí sé an-tuirseach go deo anois. Ba bhreá leis luí siar ar an gcarraig agus dul a chodladh ar feadh píosa.

Ach ansin, chuala Cumhall glór mór iláin. 'Tá tú agam anois, a amadáin gan mhaith!' a bhéic an glór. Cé a bhí ann ach Goll mac Morna!

Bhí Goll ag luascadh a chlaíomh lena



dhá lámh agus ag béiceach, ar nós
béar mór crosta. 'Tá tú agam anois!'
a bhéic sé arís. Tharraing Cumhall
é féin ina sheasamh. D'ardaigh sé a
chlaíomh. Bhí sé an-tuirseach, ach
bhí fearg an domhain air le Goll. Lig
Cumhall béic as, béic scanrúil. Thosaigh
an troid. Bhuail claíomh amháin an
claíomh eile, arís is arís is arís eile.

Bhí siad ag troid mar sin ar feadh
tamaill fhada. Bhí an bheirt acu ag éirí
an-tuirseach. Ansin, sciorr cos Ghoill ar
chloch. D'ardaigh Cumhall a chlaíomh
agus bhuail sé Goll sa chloigeann.
Bhain an buille sin an tsúil chlé as a
cheann.

Bhí fuil ar fud a éadain. Cheap
Cumhall go raibh deireadh leis. Ach
ní raibh. 'Beidh aiféala anois ort!' a



bhéic Goll. D'ardaigh sé a chlaíomh
os cionn a chloiginn. Shín sé siar a
lámha agus chaith sé a chlaíomh mór
trom le Cumhall. Bhuail an claíomh
Cumhall sa bholg. Leagadh go talamh
é. Baineadh an anáil as. Léim Goll
in airde ar Chumhall. Ní raibh seans

aige anois. D'ardaigh Goll a chlaíomh.
'Tá tú agam!' a bhéic sé arís. Síos leis
an gclaíomh. Lig Cumhall béic as,
béic scanrúil. Ansin, bhí sé ciúin. Bhí
Cumhall marbh.

'Anois!' arsa Goll. 'Is mise an
Taoiseach ar na Fianna!'

3 an páiste

Dhúisigh Muireann go tobann, i lár na
hoíche. Bhí Bodhmann, cara léi, ag an
doras.



‘Tá drochscéala agam,’ arsa Bodhmann. ‘Tá Cumhall marbh.’ ‘Ó ná habair liom é!’ arsa Muireann.

‘Mharaigh Goll mac Morna é,’ arsa Bodhmann. ‘Maróidh sé tusa chomh maith, má bheireann sé ort. Caithfidh tú imeacht as seo. Seo linn, anois díreach!’

D’fhág Muireann an baile an oíche sin. D’imigh sí féin agus Bodhmann suas sna sléibhte. Shiúil siad agus shiúil siad, go dtí gur tháinig siad chuig gleann beag ciúin. Is ann a thóg an bheirt acu teach beag, i bhfad ó Gholl mac Morna agus a chuid saighdiúirí. As cré agus clocha, adhmaid agus luachra a rinne siad an teach. Cúpla lá ina dhiaidh sin, saolaíodh buachaillín beag do Mhuireann sa teachín beag sin.

Bhí gruaig álainn ar an bpáiste, gruaig ar dhath an óir. ‘Nach fionn atá sé!’ arsa Bodhmann.

‘Sea,’ arsa Muireann. ‘Agus Fionn an t-ainm a bheidh air. Fionn mac Cumhaill.’



Ach bhí faitíos ar Mhuireann fós. Bhí a fhios ag Goll mac Morna go raibh sí ag súil le páiste. ‘Má bheireann sé ormsa leis an bpáiste,’ arsa Muireann, ‘maróidh sé an bheirt againn!’ ‘Is fíor duit,’ arsa Bodhmann. Caithfimid rud éigin a dhéanamh.’

Chaith Muireann agus a cara cúpla lá ag smaoineamh ar phlean. ‘Caithfidh mise imeacht i bhfolach go ceann píosa fhada,’ a dúirt Muireann. ‘Caithfidh,’ arsa Bodhmann. ‘Agus ní féidir leat Fionn a thabhairt leat. Beidh ort é a fhágáil anseo liomsa.’

Bhí a fhios ag Muireann nach raibh an dara rogha aici. Cúpla lá ina dhiaidh sin, d’fhág sí slán ag a babáí nua, agus ag a cara. ‘Tabhair thusa aire mhaith do m’Fhionn beag,’ a



dúirt sí le Bodhmann. ‘Is buachaillín an-speisialta é.’ Phóg sí Fionn. Bhí na deora móra lena súile. ‘Slán agat, a stóirín mo chroí,’ a deir sí. Thug sí an páiste do Bhodhmann agus amach an doras léi. Shiúil sí síos an sliabh, ach níor bhreathnaigh sí siar. Bhí sí ag caoineadh léi féin, go ciúin. Bhí sí croíbhriste. Ní fhaca Muireann a maicín álainn arís go ceann ocht mbliana déag ina dhiaidh sin.

Fionn a' fás suas



D'fhás Fionn suas sa ghleann beag ciúin i bhfad ó Gholl mac Morna agus a chuid saighdiúirí. Buachaill láidir cliste a bhí ann. Níorbh fhada go raibh sé in

ann rith chomh tapa leis an ngiorria.

Bhí sé in ann snámh chomh tapa leis an mbradán. Bhí radharc na súl chomh géar leis an iolar aige agus éisteacht chomh géar leis an sciathán leathair.

Thug Bodhmann aire mhaith don bhuachaill óg. D'inis sí dó faoina athair, Cumhall. D'inis sí dó chomh maith faoi Gholl mac Morna, a bhí anois ina Thaoiseach ar na Fianna.

'Nuair a bheidh mise mór,' arsa Fionn, 'beidh mé i mo Thaoiseach ar na Fianna, ar nós mo dhaidí romham.'



Ní stopfaidh duine ar bith mé. Fiú Goll mac Morna.'

D'imigh an t-am. Tháinig an geimhreadh fuar agus an t-earrach bog. Tháinig an samhradh te agus an fómhar gaofar. D'imigh bliain amháin agus tháinig bliain eile, arís agus arís agus arís eile. D'fhás Fionn suas ina fhear óg láidir cróga.

Bhí sé tuirseach anois den saol sa ghleann beag ciúin. Bhí sé ag iarraidh imeacht chuig Ard-Rí Éireann, agus an post a fháil mar Thaoiseach ar na Fianna.

'Is fear láidir misniúil thú anois,' arsa Bodhmann. 'Tá tú in ann rith chomh tapa leis an ngiorria. Tá tú in ann snámh chomh tapa leis an mbradán. Tá do shúile chomh maith le súile an

lolaí agus do chluasa chomh maith le cluasa an sciatháin leathair. Níl faitíos ort roimh rud ar bith. Ach tá rudaí eile ag teastáil le bheith i do Thaoiseach ar na Fianna.'

'Cén sórt rudaí?' arsa Fionn.





‘Filíocht agus scéalaíocht,’ arsa Bodhmann. ‘Le bheith i do Thaoiseach, caithfidh tú seanscéalta agus seandánta na hÉireann a bheith ar eolas agat.’

‘Tá fear ina chónaí cois abhainn na Bóinne,’ arsa Bodhmann. ‘Fionn Éigeas is ainm dó. Tá gach scéal agus gach dán dar cumadh riamh in Éirinn ar eolas aige. Beidh seisean in ann cabhrú leat.’

D’fhág Fionn slán ag Bodhmann. Bhí ualgneas air ag imeacht ón mbothán sa ghleann beag ciúin. Ach bhí sceitimíní chomh maith air. Bhí rud amháin ar a intinn anois aige, níos mó ná rud ar bith eile ar an saol. Theastaigh uaidh a bheith ina Thaoiseach ar na Fianna, ar nós a athar roimhe.

5 an bradán

Shiúil Fionn agus shiúil sé. Síos an sliabh leis agus suas an chéad sliabh eile. Shnámh sé loch mór leathan. Shiúil sé portach mór fliuch. Ar aghaidh leis i gcónaí.

Tar éis seacht lá siúlóide tháinig sé chomh fada le habhainn na Bóinne. Shiúil sé cois na habhann go dtí go bhfaca sé teachín beag. In aice leis an teachín bhí seanfhear ina shuí cois na habhann, ag iascach.

Dúirt Fionn leis go raibh sé ag iarraidh teacht ar mhúinteoir, fear darbh ainm Fionn Éigeas. 'Is mise

Fionn Éigeas,' arsa an seanfhear. D'inis Fionn a scéal dó. D'éist an seanfhear leis go ciúin. 'An bhfuil tú sásta filíocht agus scéalaíocht a mhúineadh dom?' a d'fhiafraigh Fionn.

'Tá,' arsa Fionn Éigeas. 'Ach ní anois. Tá mé ag iascach.'

D'fhan Fionn sa teachín le Fionn Éigeas. B'iontach an múinteoir é an




seanfhear. Ba ghearr go raibh Fionn in ann dánta móra fada a rá de ghlan mheabhair. Bhí go leor leor scéalta ag Fionn Éigeas chomh maith. Thaitin na scéalta go mór le Fionn. Bhí sé an-sásta lena mhúinteoir.

Gach tráthnóna, tar éis dó lá a chaitheamh ag múineadh dánta agus scéalta d'Fhionn, shuíodh Fionn Éigeas síos le bruach na habhann, ag iascach.

Uaireanta bheireadh sé ar iasc. Ach go minic ní bheireadh sé ar thada. 'Amárach,' a deireadh Fionn Éigeas leis féin. 'Béarfaidh mé amárach air.'

'Céard atá i gceist agat, a mháistir?' arsa Fionn leis tráthnóna amháin. D'inis an seanfhear d'Fhionn go raibh sé ag iarraidh breith ar iasc speisialta amháin. An bradán feasa ab ainm don iasc.



Bradán draíochta a bhí ann. 'An duine a bhéarfaidh ar an iasc sin agus é a ithe,' arsa Fionn Éigeas, 'beidh gach rud faoin spéir ar eolas aige. Gach rud faoin spéir!' Tráthnóna amháin, chuaigh Fionn amach ag siúl. Shiúil sé agus shiúil sé,

ag smaoineamh ar dhán mór fada a bhí Fionn Éigeas tar éis a mhúineadh dó an lá sin.

Nuair a tháinig sé ar ais chuig an teachín, chonaic sé rud éigin an-aisteach. Bhí an seanduine ag rith thart ar nós páiste óg, é ag damhsa agus ag gáire! Bhí bradán mór ina lámha aige.



'Tá tú agam!' a bhéic Fionn Éigeas le háthas, is é ag caint leis an mbradán marbh. 'Tá tú agam faoi dheireadh!' Leis sin, thug sé póg don bhradán!

'Gabh mo leithscéal, a mháistir,' arsa Fionn. 'Tá sé agam, a Fhinn!' arsa Fionn Éigeas. 'Rug mé ar an mbradán feasa! Anois, caithfidh mé é a ithe! Las tine, maith an buachaill agus réitigh mo dhinnéar dom!'

Las Fionn tine. Chuir sé an bradán ag róstadh os cionn na tine.

'Anois,' arsa Fionn Éigeas, 'bí cinnte gan aon ghreim den iasc sin a ithe. An dtuigeann tú?'

'Tuigim, a mháistir,' arsa Fionn.

'An bhfuil tú cinnte go dtuigeann?' arsa Fionn Éigeas.

'Tá,' arsa Fionn. 'Ní chuirfidh mé

oiread agus greim amháin i mo bhéal,
Geallaim duit é, a mháistir.'

'Tá go maith,' arsa Fionn Éigeas is é
ag imeacht isteach sa teachín.

Chas Fionn an t-iasc go cúramach,
ag iarraidh gach taobh a róstadh go
maith. Ach tar éis tamaillín d'éirigh
cloigín ar chraiceann an bhradáin.

'Ó ná habair!' arsa Fionn leis féin. 'Tá



an bradán dóite agam! Beidh Fionn
Éigeas ar buile liom!'

Chuir Fionn a ordóg ar an gcloigín,
ag iarraidh é a phléascadh. Ach bhí an
bradán an-te anois agus dódh a ordóg.
'Úúúú!' arsa Fionn de bhéic. Chuir
sé a ordóg isteach ina bhéal chun an
phian a mhaolú.

Ansin, tharla rud an-aisteach. Chuala
Fionn glór álainn, cosúil le ceol binn na
cruite. Dhún sé a shúile. Bhí solas álainn
órga ag lasadh istigh ina cheann. Thart



air, chuala sé glór bog ag cogarnaíl. 'Fios, Fios. Fios.' a dúirt an glór.

D'oscail Fionn a shúile. Chuala sé éan ag ceol. Ach anois, bhí sé in ann amhrán an éin a thuiscint. Bhí sé in ann focail an amhráin a aithint!

'Céard atá orm?' arsa Fionn leis féin.

'An bhfuil mo dhinnéar réidh fós?' arsa Fionn Éigeas agus é ag siúl amach as an mbothán.

'Tá, a mháistir!' arsa Fionn. Thóg Fionn Éigeas greim den bhradán agus chuir ina bhéal é. Shlog sé siar é agus dhún a shúile.

Tar éis tamaillín, d'oscail Fionn Éigeas a shúile arís. 'Ní chloisim aon cheol álainn,' arsa an seanfhear leis féin. 'Ní fheicim aon solas órga istigh i mo cheann. Agus cá bhfuil an glór bog ag


cogarnaíl "Fios. Fios. Fios."?'

Bhreathnaigh sé ar Fhionn go géar.

'Taispeáin dom do shúile,' a deir sé go tobann. Rug sé greim ar Fhionn agus bhreathnaigh isteach ina shúile. Bhí súile Fhinn ag lonrú, ar nós dhá réalta sa spéir.

Bhí fearg an domhain ar an seanfhear.

'D'ith tú an bradán!' a bhéic Fionn Éigeas.



D'ITH TÚ
AN BRADÁN!

NÍOR ITH!

‘D’ith tú an bradán!’

‘Níor ith,’ arsa Fionn.

‘Sin bréag!’ arsa Fionn Éigeas. ‘Bréag lofa!’

‘Ní hea!’ arsa Fionn. ‘Sin í an fhírinne.’

‘Céard a tharla mar sin?’ arsa an seandúine.

D’inis Fionn dó faoin gcaoi a raibh sé tar éis an t-iasc a chasadh go cúramach, ag iarraidh gach taobh de a róstadh go maith.

‘Bhí mé ag iarraidh an cloigín a phléascadh,’ arsa Fionn. ‘Ach dhóigh mé m’ordóg. Chuir mé i mo bhéal í chun an phian a mhaolú. Sin an méid a tharla, a mháistir, dáiríre!’

Lig Fionn Éigeas osna mhór fhada as. Bhí cuma an-bhrónach air.

‘Tá sé agat,’ a deir sé.


‘Céard atá agam?’ arsa Fionn.

‘An fios draíochta,’ arsa Fionn Éigeas.

‘Ach níor ith mé an bradán!’ arsa Fionn. ‘Níor chuir mé oiread agus greim amháin de i mo bhéal, a mháistir!’

‘Chuir tú píosa beag den chraiceann i do bhéal nuair a dhóigh tú d’ordóg. Uaidh sin a fuair tú an fios.’

‘As seo amach beidh gach rud ar eolas agat,’ arsa Fionn Éigeas, ‘ach d’ordóg a chur i do bhéal. Fág an áit seo



amárach. Ní féidir liomsa tada eile a mhúineadh duit.'

'Ach céard faoin bhfilíocht agus faoin scéalaíocht?' arsa Fionn.

'Cuir d'ordóg i do bhéal – beidh gach rud ar eolas agat.'



6 Teamhair

An mhaidin dár gcionn, d'fhág Fionn slán ag Fionn Éigeas agus bhuail an bóthar go Teamhair. Is ann a bhí cónaí ar Ard-Rí Éireann. Bhí Féile na Samhna ag tosú an lá sin agus bhí go leor daoine ag dul go Teamhair, le páirt a ghlacadh sna cluichí agus sna féastaí a bhí ar siúl ann.

Nuair a shroich Fionn dún an Ard-Rí, bhí féasta ag tosú sa halla mór. Isteach le Fionn go deas ciúin.

Shuigh sé síos le grúpaí saighdiúirí óga, ag ligean air gur shaighdiúir é féin.

'An bhfuil tú i bhfad sna Fianna?' arsa fear óg in aice leis.

‘Á ... níl,’ a d’fhreagair Fionn. ‘Níl ar chor ar bith!’

Bhí an fear óg chun ceist eile a chur air nuair a lig duine eile de na Fianna béic as. ‘Seasaigí – seasaigí – seo isteach Ard-Rí Éireann!’

D’éirigh gach duine ina sheasamh. Chonaic Fionn an Rí ag siúl isteach, é gléasta suas don fhéasta. Bhí fear mór ard ag siúl ina dhiaidh. Chas an fear mór timpeall go tobann. Chonaic Fionn go raibh sé ar leathshúil.

‘Sin é Goll mac Morna!’ arsa Fionn leis féin. ‘Sin é an fear a mharaigh m’athair!’

Sheas an tArd-Rí ag ceann an halla agus Goll mac Morna in aice leis.

‘Suígí,’ arsa an tArd-Rí. ‘Suígí síos agus bainigí taitneamh as an bhféasta.



Mar ní bhainfidh mise mórán taitnimh as.’
‘Céard atá i gceist aige?’ arsa Fionn leis an saighdiúir óg in aice leis.

‘Fan go gcloisfidh tú!’ arsa an fear óg.
‘Gach oíche Shamhna le seacht mbliana anuas,’ arsa an tArd-Rí, ‘tá fathach gránna tar éis teacht anseo go Teamhair. Bíonn cruit ina lámh aige agus cuireann sé codladh orainn le ceol

draíochta. Tagann lasracha móra tine óna bhéal agus lasann sé an díon os ár gcionn. Bíonn Teamhair na Rí, an teach is deise in Éirinn, scriosta aige – gach aon bhliain! Anocht oíche Shamhna – beidh an rud gránna chugainn arís.’ Bhí cogar mogar sa halla. ‘Ciúnas!’ a bhéic Goll mac Morna.

‘Má tá éinne anseo in ann an fathach gránna sin a stopadh,’ arsa an tArd-Rí, ‘tabharfaidh mé airgead agus ór dó. Tabharfaidh mé capaill agus ba dó. Tabharfaidh mé rud ar bith dó! An bhfuil éinne sásta dul ag troid leis?’

Bhí ciúnas iomlán sa halla. Bhreathnaigh na saighdiúirí ar a chéile.

‘A Ard-Rí!’ arsa glór amháin. Chas gach duine thart go bhfeicfidís cé a bhí ann. ‘Tá mise sásta triail a bhaint as!’



arsa fear óg a raibh gruaig fhionn air.

‘Cé thusa?’ arsa an tArd-Rí.

‘Is mise Fionn mac Cumhaill.’


Ba bheag nár léim an tsúil amháin a bhí fágtha ag Goll mac Morna as a chloigeann, bhí oiread iontais air.

‘An mac tú le Cumhall a bhí ina

Thaoiseach ar na Fianna fadó?’ arsa an tArd-Rí.

‘Is ea,’ arsa Fionn. ‘Má mharaím an fathach, níl aon ór ná airgead ag teastáil uaim, ná capaill ná ba. Níl uaim ach rud amháin.’

‘Agus céard é sin?’ arsa an tArd-Rí.



IS MISE
FIONN MAC CUMHAILL

FIONN MAC
CUMHAILL?

‘Táim ag iarraidh a bheith i mo Thaoiseach ar na Fianna, ar nós m’athar romham.’

‘Tá sé seo seafóideach, a Ard-Rí!’ arsa Goll mac Morna.

‘Éist nóiméad, a Ghoill’ arsa an tArd-Rí. Chas sé chuig Fionn.

‘A Fhinn mhic Cumhaill,’ a dúirt sé, ‘má tá tusa in ann an fathach sin a mharú beidh tú i do Thaoiseach ar na Fianna.’

‘Ach, a Ard-Rí...’ arsa Goll.

Leis sin, rith saighdiúir an doras isteach. ‘Cloisim an ceol!’ ar seisean de bhéic. ‘Tá an fathach ag teacht!’

Sheas Fionn suas. ‘Amach leat anois,’ arsa an tArd-Rí, ‘agus go n-éirí an t-ádh leat.’

Shiúil Fionn an doras amach.



‘A Fhinn,’ arsa glór taobh thiar de. Saighdiúir a bhí ag rith amach ina dhiaidh. Bhí sleá ina lámh aige.

‘Sea?’ arsa Fionn.

‘Is mise Fiach mac Conga,’ arsa an saighdiúir. ‘Bhí mise ag troid le do dhaid an lá ar mharaigh Goll mac

Morna é. Leag sé go talamh mé agus bhí sé chun mé a mharú. D’iarr mé trócaire air agus lig sé dom. Is tusa a mhac. Ba mhaith liomsa cabhrú leatsa anois.’

Shín sé an tsleá chuig Fionn.

‘Tá draíocht ag baint leis an tsleá seo,’ arsa Fiach. ‘Cuir le do chloigeann í. Cuirfidh an draíocht atá inti fearg an domhain ort. Beidh tú chomh feargach sin nach dtiocfaidh codladh ar bith ort.’

Bhain Fiach de an clóca a bhí ar a dhroim. Clóca álainn glas a bhí ann.

‘Seo clóca nach féidir a dhó. Cuir ort é agus sábhálfaidh sé ón bhfathach agus a chuid lasracha thú.’

Ghabh Fionn buíochas le Fiach mac Conga. Thóg sé an tsleá agus an clóca. Amach leis. Bhí an spéir thiar chomh

geal leis an lá. Bhí lasracha móra tine ag éirí san aer. Bhí an ceol draíochta ag éirí níos airde agus níos airde. Chuir Fionn an tsleá lena chloigeann. Go tobann, tháinig fearg an domhain air.

TABHARFAIDH MÉ
CIC SA TÓIN DUIT!



‘Má bheirim greim ar an bhfathach sin,’ a dúirt sé leis féin, ‘beidh deireadh leis!’

Díreach ansin, tháinig an fathach mór gránna thar an gcnoc. Rud mór gránna a bhí ann. Bhí cruit ina lámh aige agus bhí lasracha móra ag teacht óna bhéal. Bhí súile móra buí aige, agus craiceann garbh oráiste air. Bhí gruaig ghorm ag fás ar a cheann agus crúba móra géara air, cosúil le crúba iolair.

Nuair a chonaic an fathach Fionn, tháinig fearg an domhain air. Ach má tháinig, bhí a dhá oiread feirge ar Fhionn.

Thosaigh an troid. Chuir an fathach gruaig Fhinn trí thine. Mhúch Fionn an tine lena chlóca. Bhí sé ar buile ceart leis an bhfathach anois.

‘Beidh aiféala anois ort!’ a bhéic sé.

Ach tharraing an fathach an clóca anuas d'Fhionn.

Anois, ní raibh aon chosaint ar na lasracha aige! Léim sé taobh thiar de charraig. Shéid an fathach go láidir. Bhí na lasracha óna bhéal chomh te sin gur scoilt siad an charraig ina dhá leath! Cheap Fionn go raibh deireadh leis. Ansin, chuimhnigh sé ar an tsleá.

D'ardaigh sé an tsleá agus chaith í.

D'eitil an tsleá ar nós na gaoithe. Stop sí san aer os comhair an fhathaigh. Ansin thosaigh sí ag eitilt timpeall air, timpeall, timpeall! Rinne an fathach iarracht ar bhreith uirthi, ach ní raibh sé in ann. Suas leis an tsleá san aer, suas, suas. Cheap an fathach go raibh sí imithe suas chuig an ngealach. Thosaigh sé ag gáire.



Ach ní imithe a bhí an tsleá. Anuas ón spéir léi arís agus timpeall ar an bhfathach, timpeall, timpeall. Tháinig mearbhall ar an bhfathach. Stop an tsleá go tobann. Ansin – túúúnn! Bhuail sí an fathach sa chroí.

Lig an fathach béic as, béic mhór scanrúil. Thit an chruit ar an talamh.

Stop an ceol draíochta. Lig an fathach
béic eile as. Ansin thit sé féin ar an
talamh. Bhí sé marbh.

Tharraing Fionn amach a chlaíomh.
D'ardaigh sé san aer é. Síos leis an
gclaíomh, síos, síos. Le buille mór
amháin bhain sé a chloigeann den
fhathach.

7 Fionn agus Zoll



An mhaidin dár gcionn, d'oscail an
tArd-Rí a shúile. An chéad rud a
chonaic sé ná cloigeann mór gránna.
Bhí súile móra buí ann agus craiceann
garbh oráiste air. 'Ná habair!' a bhéic
an tArd-Rí.

‘Ná bí buartha, a Ard-Rí,’ arsa Fionn agus é ag gáire. ‘Tá an fathach marbh.’

Bhí iontas an domhain ar an Ard-Rí. D’éirigh sé ina sheasamh. ‘Dúisígí,’ a bhéic sé leis an slua, a bhí fós ina gcodladh. ‘Dúisígí!’

Dhúisigh na Fianna. Chonaic siad an cloigeann mór gránna. Chonaic siad Fionn ina sheasamh in aice leis, slán sábháilte. Chonaic siad an tArd-Rí, agus gáire mór ar a bhéal.

‘Mharaigh Fionn mac Cumhaill an fathach!’ a dúirt siad. ‘Mharaigh sé an fathach!’

Ansin, d’éirigh Goll mac Morna ina sheasamh. Bhí ciúnas sa halla arís.

‘A Ghoill,’ arsa an tArd-Rí, ‘mar is eol duit, rinne mé socrú aréir le Fionn mac Cumhaill. Tá sé tar éis an fathach

a mharú, rud nach raibh éinne eile againn in ann a dhéanamh. Tá an post mar Thaoiseach ar na Fianna tuillte go maith aige. Anois, tá rogha agatsa. Is féidir leat an tír seo a fhágáil, más maith leat. Nó is féidir leat fanacht. Ach má fhanann tú, caithfidh tú síocháin a dhéanamh leis an Taoiseach nua anseo, Fionn mac Cumhaill.’

Bhreathnaigh Fionn ar Gholl. Bhreathnaigh Goll ar ais air, lena shúil mhór amháin.

‘Bhuel?’ arsa an tArd-Rí.

Ar deireadh, labhair Goll. ‘Déanfaidh mé síocháin leis an Taoiseach nua,’ a deir sé. Shín sé a lámh chuig Fionn.

Bhí ciúnas iomlán anois ann. An mbeadh Fionn sásta síocháin a dhéanamh?



Bhreathnaigh Fionn ar Gholl. Shín sé amach a lámh agus chroith sé lámh leis an bhfear a mharaigh a athair.

Lig an slua béic áthais. Bhí Fionn mac Cumhaill ina Thaoiseach anois ar na Fianna.